What is different about a designated Museum?

Designated museums are legally entitled to retain objects on behalf of the State. They employ a full-time professional curator and have the resources and skills to care for objects. The National Museum of Ireland will only lend objects for display to designated museums.

What do I do if I find an object?

All archaeological objects found, with no known owner, belong to the State. You must report your find to the National Museum of Ireland or a designated museum. Leave the object where you found it unless it appears to be in danger of destruction or theft. Finder's rewards may be paid for discoveries that the museum retains. There are severe penalties in place to protect our archaeological heritage.

Will the object be cared for?

Designated museums have to meet strict guidelines in the care of objects. All objects remain State property and will be registered with the County Museum.

Will it go on display in my Museum?

Your local designated museum will only accept an object if it is of local interest and can be used for educational or display purposes. In general, objects which are primarily of national interest will normally be acquired by the National Museum. Arrangements exist to allow any object found locally to be exhibited in a designated museum.

Can my local museum advise me about an archaeological site?

Designated museums will be happy to provide advice or information on any aspect of our archaeological heritage, particularly in relation to archaeological objects.

Can a designated Curator protect archaeological objects from damage?

Curators of Designated Museums are empowered to act on behalf of the Director of the National Museum of Ireland to ensure that objects discovered are investigated, reported and preserved as State property.

This brochure is funded by the Department of Arts, Sport and Tourism.

DESIGNATED MUSEUMS *in* Ireland



We are legally entitled to retain objects on behalf of the State

We employ a full-time professional curator and have the resources and skills to care for objects

You can report an archaeological find to this museum

We can provide advice on protecting your archaeological heritage

This museum is a designated museum

The Museums listed in this leaflet have statutory powers under the National Cultural Institutions Act 1997 and under the National Monuments (Amendment) Act 1994

Cad iad na difríochtaí a bhaineann le hiarsmalann aitheanta?

Tá sé de cheart ag iarsmalanna aitheanta, de réir dlí, iarsmaí a choimeád thar cheann an Stáit. Bíonn Feighlí Iarsmalainne gairmiúil fostaithe go lánaimseartha acu agus na hacmhainní agus na scileanna acu chun aire a thabhairt d'iarsmaí. Ní thabharfaidh Ard-Mhúsaem na hÉireann iarsmaí ar iasacht lena gcur ar taispeáint ach amháin d'iarsmalann aitheanta.

Cad a dhéanfaidh mé má aimsím iarsma?

Is leis an Stát gach iarsma seandálaíoch a aimsítear, gan úinéir dlisteanach aige. Tá dualgas ort d'fhionnachtain a thuairisciú d'Ard-Mhúsaem na hÉireann nó d'iarsmalann aitheanta. Fág an t-iarsma san áit ina bhfuair tú é mura bhfuil baol ann go scriosfar nó go n'goidfear é. D'fhéadfadh sé go n-íocfaí luach saothair ar son aon fhionnachtana a choimeádann an iarsmalann. Tá pionóis ghéara i bhfeidhm chun ár n-oidhreacht sheandálaíoch a chosaint.

An dtabharfar aire don iarsma?

Caithfidh iarsmalanna aitheanta cloí le treoirlínte dochta maidir le cúram iarsmaí.
Fanfaidh iarsmaí mar mhaoin de chuid an Stáit agus clárófar iad le hIarsmalann an Chontae.

An gcuirfear an t-iarsma ar taispeáint i m'iarsmalann?

Ní ghlacfaidh d'iarsmalann aitheanta áitiúil ach le hiarsmaí a bhaineann leis an gceantar áitiúil agus ar féidir iad a chur ar taispeáint nó a úsáid go hoideachasúil. Mar ghnáthnós, glacfaidh Ard-Mhúsaem na hÉireann seilbh ar iarsmaí a bhfuil tabhacht náisiúnta, go príomha, ag baint leo. Tá socruithe ann le gur féidir aon iarsma a fhaightear go háitiúil a chur ar taispeáint in iarsmalanna aitheanta.

An féidir le m'iarsmalann áitiúil comhairle a thabhairt dom faoi láithreán seandálaíoch?

Beidh iarsmalanna aitheanta lánsásta comhairle nó eolas a sholáthar faoi ghné ar bith dár n-oidhreacht sheandálaíoch, go háirithe maidir le hiarsmaí seandálaíocha.

An bhfuil Feighlí Iarsmalainne ainmnithe in ann iarsmaí seandálaíochta a chosaint ar dhamáiste?

Tá cumhacht ag Feighlithe na nIarsmalann Ainmnithe feidhmiú thar ceann Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann lena chinntiú go scrúdaítear, go dtuairiscítear agus go gcaomhnaítear iarsmaí fionnaithe mar mhaoin Stáit.

Tá an bhileog seo urraithe ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

IARSMALANNA AITHEANTA *in* Éirinn

Tá an ceart againn, de réir dlí, iarsmaí a choimeád thar cheann an Stáit

Tá Feighlí Iarsmalainne gairmiúil fostaithe go lánaimseartha againn agus tá na hacmhainní agus na scileanna againn chun aire a thabhairt d'iarsmaí

Is féidir gach fionnachtain sheandálaíoch a thuairisciú don iarsmalann seo

Tá ar ár gcumas comhairle a thabhairt faoin dóigh le d'oidhreacht sheandálaíoch a chaomhnú

Is iarsmalann aitheanta an iarsmalann seo

Tá cumhachtaí reachtúla ag na hiarsmalanna a luaitear sa bhileog seo faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997, agus faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (leasú) 1994